Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2014**
**(OR. en)**

**16846/14**

**FISC 233**
**ECOFIN 1196**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roime seo: | 16554/14 FISC 226 ECOFIN 1167 |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Conclúidí ón gComhairle |

1. Le linn chruinniú na Comhairle ECOFIN an 9 Nollaig 2014, formheasadh na Conclúidí seo a leanas ón gComhairle[1]:

"*Maidir leis an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó), fógraíonn Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid a leanas:*

- *is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn na hUachtaránachta Iodálaí, mar a leagtar amach é ina tuarascáil (16553/1/14 REV 1 FISC 225 ECOFIN 1166);*
- *iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar, agus ar a cuid oibre faoin bPacáiste Oibre 2011;*
- *iarrann sí ar an gCoimisiún tús a chur arís leis an bplé le Lichtinstéin maidir le réimis dhíobhálacha cánach, mar atá leagtha amach sa tuarascáil;*
- *iarrann sí ar an Meitheal leanúint dá breathnú ar an dréacht-treorú maidir le Buanbhunaíochtaí Hibride;*

[1] Mar aon leis an tuarascáil ar an gCód Iompair 16553/1/14 REV 1)

- *tugann sí dá haire an comhaontú a baineadh amach maidir le léirmhíniú an triú critéar den Chód Iompair ó thaobh boscaí paitinne faoi mar atá sa sainordú reatha;*
- *gur den riachtanas tús a chur leis an bpróiseas reachtach chun réimis na mboscaí paitinne a athrú agus iarrann sí ar an Meitheal faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas sin;*
- *iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na Laitvia."*

2. Cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dearbhú seo a leanas ón Ísiltír (NL) maidir leis na Conclúidí ón gComhairle le miontuairiscí chruinniú ECOFIN den 9 Nollaig 2014:

"*Tacaíonn an Ísiltír go huile agus go hiomlán leis an gcuspóir go gcuirfí deireadh leis an bpleanáil ionsaitheach chánach agus leis na boscaí nuálaíochta/paitinne lena ndéanfar an t-idiraistriú brabúis a spreagadh, agus deireadh freisin leis an trádáil i bpaitinní nach ndéanfar ach amháin ar mhaithe lena gcur sa réimeas is fabhraí cánach. Fáiltíonn an Ísiltír, mar sin, leis an moladh ón nGearmáin agus ón mBreatain maidir le cur chuige an chumarphointe leasaithe, agus tacaíonn sí le rialacha níos déine a bheith ann maidir le réimis maoine intleachtúla, agus ina measc sin an fhoirmle do leibhéal an chaiteachais cháilithe (lift up), go mbeadh córas lorgaireachta agus rianaithe ann agus go ndéanfaí trádmhairc agus margaíocht a eisiamh ón réimeas maoine intleachtúla.*

*Le sainmhíniú cuimsitheach ar 'sócmhainní maoine intleachtúla', ina mbeadh an taighde agus an fhorbairt san áireamh bíodh paitinn i gceist nó ná bíodh, chabhrófaí chun an nuáil a chur chun cinn san Aontas Eorpach, le go mbeadh ar chumas an Aontais dul san iomaíocht sa margadh domhanda eolais agus smaointí, agus ár gcuid spriocanna ón Eoraip2020 a bhaint amach. Is é aidhm an Aontais dlús a chur faoin bhfíor-nuáil, agus an nuáil sna FMBanna san áireamh. D'eisiafaí, faoi mar atá cúrsaí faoi láthair, FMBanna ó na fíorbhoscaí paitinne, toisc gur ródhaor atá sé go minic do FMBanna iarratas a chur isteach ar phaitinn. Is léir go bhfuil a dhóthain 'cumarphointe' ann idir na FMBanna agus an Ballstát. Ba cheart an sainmhíniú cuimsitheach sin ar 'sócmhainní maoine intleachtúla' a fhorbairt san ECFE.*

*Don Ísiltír, is den tábhacht é nach mbeadh réimis maoine intleachtúla teoranta do phaitinní, ach go bhféadfaí nuálaíochtaí eile a chumhdach leo a d'eascródh ón T&F, ar an gcoinníoll go bhfuil na gníomhaíochtaí sin dearbhaithe ag údarás inniúil de chuid rialtais (seachas na húdaráis chánach), sa chaoi gur féidir a chinntiú go mbeidh nasc ann idir an T&F, sócmhainní maoine intleachtúla agus brabúis (lorgaireacht agus rianú).*"